



An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

Deontas do Chórais Chóireála Fuíolluisce Tí do Thithe i Limistéir Ghníomhaíochta Tosaíochta

Téarmaí agus Coinníollacha

2025

Arna ullmhú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
gov.ie/tithiocht

Rialacháin na Tithíochta (Deontas na gCóras Cóireála Dramhuisce Tí do Limistéir Ghníomhaíochta Tosaíochta), 2023 (I.R. Uimh. 563 de 2023)

- Léigh na nótaí eolais sula gcomhlánóidh tú an fhoirm iarratais.
- Ní mór gach ceist ar an bhfoirm a fhreagairt agus, i gcás ina sonraítear é, ní mór doiciméid tacaíochta a chur ar fáil. Ní dhéanfar próiseáil ar fhoirmeacha neamhionlána nó ar fhoirmeacha nach bhfuil na doiciméid chuí ag gabháil leo.
- Tá an scéim deontais á riart ag údaráis áitiúla. Ba cheart aon fhiosrúcháin a sheoladh chuig an Oifigeach Idirchaidrimh Uisce Tuaithe san údarás áitiúil.
- NÍ CHEART tú a chur leis an obair roimh chuairt an údaráis áitiúil nó a ionadaí. Má cuireadh tú a chur leis an obair roimh an dáta sin, ní chuirfear an t-iarratas san áireamh.
- Is féidir gach foirm atá le húsáid a fháil ón údarás áitiúil, a chuirfidh cúnamh ar fáil chun iad a chomhlánú más gá.
- Maidir le hiarratasóir a fhaigheann deontais, fóirdheontais nó focaíochtaí den chineál céanna ó Roinn Rialtais nó Údarás Poiblí de níos mó ná €10,000 acu i rith na bliana, beidh Deimhniú Imréitigh Cánach ríomhchánach ag teastáil uait.
- Forchoimeádann an t-údarás áitiúil an ceart chun aon fhiosruithe is gá a dhéanamh chun faisnéis a fhíorú nó chun doiciméid tacaíochta a chuirtear ar fáil le hiarratas ar dheontas a shoileáiriú, agus eisifaidh sé aon iarratasóir a sholáthraíonn faisnéis nó doiciméid bhréagacha nó mhíthreoracha ó bhreithniú i leith deontais.

1 Cuspóir an Deontais

Tugadh isteach an deontas chun tacú le cuspóirí cáilíochta uisce a bhaint amach i Limistéir Ghníomhaíochta Tosaíochta, mar a leagtar amach sa Phlean Náisiúnta Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn 2018-2021 (RBMP).

Tá an deontas seo ar fáil chun cabhrú le costais na n-oibreacha chun córas cóireála fuíolluisce tí (DWWTS) atá ag freastal ar theach a fheabhsú, a dheisiú, a uasghrádú nó a athsholáthar. Ní mór dó a bheith suite i Limistéar Tosaíochta le haghaidh Gníomhaíochta de réir an RBMP, agus caithfidh an t-iarratasóir litir a bheith faighte

acu ó Oifig Chlár Uiscí an Údaráis Áitiúil (LAWPRO)¹ thar ceann an údaráis áitiúil, ina ndeimhnítéar incháilitheacht chun iarratas a dhéanamh ar dheontas.

Ní mór gach obair a bheith i gcomhréir le Cód Cleachtais GCC 2021 maidir le Córais Chóireála Fuíolluisce Tí².

Tábhachtach: Ní cháilíonn costais a thabhaítear le haghaidh gnáthchothabháil, seirbhísiú nó díshloda na DWWTS le haghaidh deontais.

2 Leibhéal an Deontais

Is ionann an leibhéal deontais atá ar fáil agus 85% de chostas ceadaithe na n-oibreacha, faoi réir uasmhéid €12,000. Is é an t-íoschaiteachas ar oibreacha incháilithe a theastaíonn chun an t-iarratas a phróiseáil ná €750.

3 Cáilitheacht

Chun cáiliú don deontas, ní mór don teach a bhfuil an DWWTS ag freastal air, i dtuairim an údaráis áitiúil:

- (a) a bheith átithe ag an iarratasóir mar phríomháit chónaithe (e.g. ní teach saoire),
- (b) níl sé i gceangal leis an scéim séarachais phoiblí,
- (c) nach bhfuil á dtógáil faoi láthair ná tógha le 7 mbliana anuas
- (d) nár íocadh deontas leo don DWWTS le 7 mbliana anuas,
- (e) na hoibreacha go léir a thabhairt chun críche go sásúil mar a shonraítear ina dtogra, agus
- (f) a bheith suite i Limistéir Ghníomhaíochta Tosaíochta.

¹ <https://lawaters.ie/priority-areas-for-action/>

² <https://www.epa.ie/publications/compliance--enforcement/waste-water/2021-code-of-practice-for-domestic-waste-water-treatment-systems.php>

Cead Pleanála

Féadfaidh díolúintí pleanála iarratas a dhéanamh faoi Alt 4(1)(h) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 le haghaidh DWWTS reatha, sa chás go bhfuil na hoibreacha chun an córas a chothabháil nó a fheabhsú.

Mar sin féin, i gcás ina bhfuil aon éiginnteacht ann maidir leis an méid a mheastar, i gcás ar leith, a bheith ina forbairt dhíolmhaithe de réir bhrí an Acharta thuras, is féidir le hiarratasóir seiceáil a dhéanamh lena údarás pleanála (údarás áitiúil) faoi Alt 5 den Acht.

4 Costas Faofa

Chun críocha na scéime deontais seo, ciallaíonn costas ceadaithe an méid is lú díobh seo a leanas:

- costas iarbhír na n-oibreacha chun DWWTS a leigheas, a dheisiú, a uasghrádú nó a athsholáthar (lena n-áirítear measúnú láithreáin más gá), nó
- na costais a mheas an t-údarás áitiúil a bheith ina gcostais réasúnacha a bhaineann leis na hoibreacha a dhéanamh.

5 Ceanglais Imréitigh Cánach

Ní mór stádas imréitigh cánach reatha an chonraitheora/na gconraitheoirí agus an iarratasóra (nuair is gá), a dhearbhú chun sástachta an údaráis áitiúil.

Oibreacha a mholadh

Ní mór togra mionsonraithe a bheith ag gabháil le gach iarratas ar chabhair deontais a fhormheas, ar togra é a ullmhóidh duine inniúil chun an córas a uasghrádú de réir chaighdeán Chód Cleachtas an GCC, agus ag féachaint go cuí dá mholtáí i ndáil le DWWTS atá ann cheana a bhí ann roimh an gCód Cleachtas.

Maidir le gach conraitheoir, ba cheart don iarratasóir an méid seo a leanas a áireamh lena fhoirm iarratais:

- an Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach (TCAN) agus an Uimhir Thagartha Cánach a eisíonn na Coimisinéirí loncaim chuig an gconraitheoir; nó
- asphrionta suas le dáta Sheirbhís Ar-Líne na gCoimisinéirí loncaim (ROS) de Dheimhniú Imréitigh Ríomhchánach arna sholáthar ag an gconraitheoir.

Sa chás nach féidir stádas imréitigh cánach an chonraitheora a bhunú tráth atá an t-iarratas ar dheontas á mheasúnú, ní mór don údarás áitiúil an t-iarratas ar chúnamh deontais a dhiúltú.

Maidir le hiarratasóir a bhfuil imréiteach cánach ag teastáil uaidh, is féidir iarratas a dhéanamh air seo trí úsáid a bhaint as seirbhís ar líne na gCoimisinéirí loncaim ag www.revenue.ie. Is féidir leis an iarratasóir teaghmáil a dhéanamh leis na Coimisinéirí loncaim ar 1890 306 706 sa chás nach bhfuil rochtain acu ar an idirlíon, agus féadfaidh siad iarraidh orthu foirm iarratais “TC1” a sheoladh chuig a seoladh.

Ní mór dóibh ansin a bhfoirm iarratais chomhlánaithe ar imréiteach cánach a sheoladh chuig Seirbhísí Custaiméara, Rannóg an Ard-Bhailitheora, Teach an tSáirséalaigh, Sráid Phroinséis, Luimneach, V94 R972.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag an nasc seo a leanas:

<https://www.revenue.ie/en/starting-a-business/tax-clearance/when-is-a-tax-clearance-certificate-required/index.aspx>

6 Iarratais ar Dheonú a Chur Isteach agus a Phróiseáil

Beidh feidhm ag an nós imeachta seo a leanas maidir le hiarratais ar dheontais a phróiseáil:

- (a) Nuair a fhaigtear litir ó LAWPRO lena ndeimhnítear incháilitheacht chun iarratas a dhéanamh ar dheontas, is féidir foirm iarratais DWWTS PAA (a) le haghaidh faomhadh deontais a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil.
- (b) Ní mór cur síos a bheith san iarratas ar lochtanna DWWTS agus togra mionsonraithe, arna ullmhú ag duine inniúil, chun an córas a uasghrádú de réir chaighdeáin Chód Cleachtais an GCC.
- (c) Déanfaidh an t-údarás áitiúil nó a ionadaí iniúchadh ansin ar an DWTS chun bailíocht an iarratais a dheimhniú maidir le raon feidhme na n-oibreacha atá beartaithe.
- (d) Cuirfidh an t-údarás áitiúil an t-iarratasóir ar an eolas i scríbhinn ina dhiaidh sin má cheadaítear an t-iarratas.
- (e) Féadfaidh an t-iarratasóir ansin dul ar aghaidh leis na hoibreacha riachtanacha. Ní bhfaighidh ach oibreacha atá san áireamh in iarratais fhaofa íocaíocht deontais.

7 Élimh Íocaíochta Deontais a thíolacadh

Nuair a bhíonn na hoibreacha críochnaithe, de réir an togra mhionsonraithe arna chur isteach agus arna dheimhniú ag duine inniúil, cuireann an t-iarratasóir éileamh ar íocaíocht deontais isteach ar Fhoirm DWWTS PAA (b) go díreach chuig an údarás áitiúil. Ní mór é sin a dhéanamh laistigh de shé mhí ó chur i gcrích na n-oibreacha. Ní mór liosta mionsonraithe de chostais ghaolmhara na n-oibreacha a rinneadh agus na hadmhálacha uile ó gach conraitheoir arna fhostú a bheith ag gabháil leis an bhfoirm élimh ar íocaíocht deontais.

8 Éilimh ar Íocaíocht Deontais a Phróiseáil

Beidh feidhm ag na nósanna imeachta seo a leanas maidir le hélimh ar íocaíocht deontais a phróiseáil:

- (a) Fíoraíonn an t-údarás áitiúil go bhfuil an t-éileamh bailí agus go bhfuil na cáipéisí riachtanacha go léir san áireamh.
- (b) Seiceálfaidh an t-údarás áitiúil nó a ionadaí go bhfuil raon feidhme na n-oibreacha curtha i gcrích i gcomhréir leis an togra mionsonraithe a cuireadh isteach san fhoirm iarratais, go bhfuil siad deimhnithe ag an duine inniúil agus gur comhlíonadh na téarmaí agus na coinníollacha eile go léir.
- (c) Cuireann an t-údarás áitiúil an t-iarratasóir ar an eolas i scríbhinn faoin gcinneadh go n-éiríonn leis an éileamh agus go n-eisítear an íocaíocht.
- (d) I gcás ina ndiúltaítear an deontas a íoc nó ina n-úsáidtear go páirteach é, cuirfidh an t-údarás áitiúil an t-iarratasóir ar an eolas i scríbhinn faoin gcinneadh, ag leagan amach go soiléir sonraí na cúise leis an diúltú agus ag cur a gceart achomhairc in iúl don iarratasóir.

9 Próiseas Achromhairs

Tabharfaidh na húdaráis áitiúla an ceart don iarratasóir achomharc a dhéanamh má tá siad míshásta leis an gcinneadh a rinneadh.

Nuair is mian le hiarratasóir achomharc a dhéanamh ar chinneadh údaráis áitiúil íocaíocht deontais nó páirtíocaíocht deontais a dhiúltú, beidh feidhm ag an nós imeachta seo a leanas:

1. Ní mór an t-achomharc a dhéanamh i scríbhinn (is féidir é a dhéanamh trí ríomhphost) chuig an údarás áitiúil laistigh de thrí seachtaine ó dháta na litreach cinnidh chuig an iarratasóir agus na cúiseanna leis an achomharc a leagan amach go soiléir.
2. Déanfaidh oifigeach san údarás áitiúil cinneadh ar an achomharc taobh istigh de cheithre seachtaine nár dhéileáil leis an iarratas bunaidh.
3. Seolfar an cinneadh achomhairc i scríbhinn laistigh de chuíg lá oibre ón gcinneadh.

10 Agusíní

10.1 Foirm DWWTS PAA (a) Foirm iarratais

FOIRM IARRATAIS

Oibreacha chun Córas Cóireála Fuíolluisce Tí (DWWTS) a fheabhsú, a dheisiú, a uasghrádú nó a athsholáthar i Limistéar Gníomhaíochta Tosaíochta, áit a bhfuil litir faigte ag duine ó Oifig Chlár Uisce an Údarás Áitiúil (LAWPRO) ina ndeimhnítear incháilitheacht chun iarratas a dhéanamh ar dheontas.

- Léigh na nótaí eolais sula gcomhlánóidh tú an fhoirm iarratais.
- Ní mór gach ceist ar an bhfoirm a fhreagairt agus, i gcás ina sonraítear é, ní mór doiciméid tacaíochta a chur ar fáil. Ní dhéanfar próiseáil ar fhoirmeacha neamhionmlána nó ar fhoirmeacha nach bhfuil na doiciméid chuí ag gabháil leo.
- Tá an scéim deontais á riar ag údarás áitiúla. Ba cheart aon fhiosrúcháin a sheoladh chuit ag Oifigeach Idirchaidrimh Uisce Tuaithe san údarás áitiúil.
- NÍ CHEART tú a chur leis an obair roimh chuaireann an údarás áitiúil nó a ionadaí. Má cuireadh tú a leis an obair roimh an dáta sin, ní chuirfear an t-iarratas san áireamh.
- Is féidir gach foirm atá le húsáid a fháil ón údarás áitiúil, a chuirfidh cúnamh ar fáil más gá.
- Maidir le hiarratasóir a fhaigheann deontais, fóirdheontais nó íocaíochtaí den chineál céanna ó Roinn Rialtais nó Údarás Poiblí de níos mó ná €10,000 acu i rith na bliana, beidh Deimhniú Imréitigh Cánach ríomhchánach ag teastáil uait.
- Forchoimeádann an t-údarás áitiúil an ceart chun aon fhiosruithe is gá a dhéanamh chun faisnéis a fhíorú nó chun doiciméid tacaíochta a chuirtear ar fáil le hiarratas ar dheontas a shoileáiriú, agus eisiafaidh sé aon iarratasóir a sholáthraíonn faisnéis nó doiciméid bhréagacha nó mhíthreoracha ó bhreithniú i leith deontais.

1. Sonraí an iarratasóra

Ainm an iarratasóra (i mBLOCLITREACHA):

Seoladh (suíomh na DWWTS):

ÉIRCHÓD (riachtanach):

Uimhir theileafóin:

Seoladh ríomhphoist:

Tagairt don litir ó LAWPRO:

Asphrionta imréiteach ríomhchánach	Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/>
An bhfuil deontais faigte agat le 12 mhí anuas ó aon chomhlacht eile de chuid na hearnála poiblí? <ul style="list-style-type: none"> • méid: • dáta íoctha: 	Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/> €
2. Seicliosta chun lochtanna a aithint	
(a) Ar baineadh sloda ón DWWTS le bliain anuas?	Tá <input type="checkbox"/> Níor bhain <input type="checkbox"/>
(b) An ndéantar uisce dromchla/uisce díon a atreorú ar shiúl ón DWWTS?	Tá <input type="checkbox"/> Ní dhearna <input type="checkbox"/>
(c) Cén cineál córais atá ann?	<input type="checkbox"/> Umar seipreach <input type="checkbox"/> Tánaisteach <input type="checkbox"/> Treasach
(d) An ndearnadh an córas a iniúchadh agus a chothabháil le 2 bhliain anuas?	Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/>
(e) Cén cineál insíothlaithe atá ann?	<input type="checkbox"/> Poll súite <input type="checkbox"/> Limistéar síothlaithe <input type="checkbox"/> Limistéar síothlaithe ardaithe (Córas Túlain) <input type="checkbox"/> Scagaire snasta <input type="checkbox"/> Píopa chuig uisce dromchla <input type="checkbox"/> Bogach/Giolcarnach <input type="checkbox"/> Salach <input type="checkbox"/> Eile (sonraigh ar bhileog ar leithligh)
(f) An bhfuil táscairí díobhálacha fásra (síothlú) sa limistéar insíothlaithe, amhail: <ul style="list-style-type: none"> • limistéir fhliucha/linnte, • féar méith, • tailte/raosanna garbha, etc. 	Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/>
3. <u>Ní mó</u> sonraí an Chonraitheora/na gConraitheoirí (asphrionta de Dheimhniú Ríomh-Imréitigh Cánach le haghaidh gach conraitheora a sholáthar murab ionann é agus an conraitheoir atá liostaithe ar an bhfoirm iarratais)	

4. Íocaíochtaí roimhe seo

Ar íocadh aon deontas i leith an DWWTS seo le 7 mbliana anuas?

Má tá, tabhair sonraí le do thoil:

- méid:
- dáta íoctha:

Tá

Níl

€

5. Sonraí an Chonraitheora/na gConraitheoirí (ní mór asphrionta Ríomh-Imréitigh Cánach a sholáthar do gach conraitheoir)**Conraitheoir 1**

Ainm an chonraitheora:

Conraitheoir 2 (más infheidhme)

Ainm an chonraitheora:

Seoladh an chonraitheora:

Seoladh an chonraitheora:

ÉIRCHÓD:

ÉIRCHÓD:

6. Dearbhú

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a thug mé ar an bhfoirm iarratais seo ceart agus tuigim go bhféadfáí an t-éileamh seo a chur ar ceal má thugtar aon fhaisnéis bhréagach nó mhíthreorach nó doiciméid tacaíochta neamhbhailí.

Síniú an iarratasóra: _____

Dáta:

SEICLIOSTA

Cinntigh go bhfuil na cáipéisí seo a leanas san áireamh le d'éileamh ar dheontas a íoc:

Admhálacha miondealaithe maidir leis an obair go léir a dhéantar

Saothair a mholadh lena n-áirítear

asphrionta Ríomh-Imréitigh Cánach le haghaidh gach conraitheora atá fostaithe

PLEASE SUBMIT THE FULLY COMPLETED FORM DWWTS PAA (a) AGUS DOICIMÉID TACAÍOCHTA D'OIFIG ÚDARÁIS ÁTIÚIL

10.2 FOIRM DWWTS PAA (b) Foirm Éilimh Íocaíochta

FOIRM ÉILIMH AR ÍOCAÍOCHT DEONTAIS

Oibreacha chun an Córás Cóireála Fuíolluisce Tí (DWPTS) a fheabhsú, a dheisiú, a uasghrádú nó a athsholáthar i Limistéar Gníomhaíochta Tosaíochta, sa chás go bhfuil duine ceadaithe ag údarás áitiúil le haghaidh deontais.


- Léigh na nótáí faisnéise sula gcomhlánóidh tú an fhoirm éilimh.
- Ní mór gach ceist ar an bhfoirm a fhreagairt agus, i gcás ina sonraítear é, ní mór doiciméid tacaíochta a chur ar fáil. Ní phróiseálfar foirmeacha neamhionmlána, nó foirmeacha nach bhfuil na doiciméid chuí ag gabháil leo.
- Tá an scéim deontais á riar ag údaráis áitiúla. Ba cheart aon fhiosrúcháin a sheoladh chuig an Oifigeach Idirchaidrimh Uisce Tuaithe san údarás áitiúil.
- Ní mór NACH bhfuil tús curtha leis an obair roimh chuairt tosaigh an údaráis áitiúil nó a ionadaí. Má cuireadh tús le hobair roimh an dáta sin, ní chuirfear an t-éileamh san áireamh.
- Is féidir gach foirm atá le húsáid a fháil ón údarás áitiúil, a chuirfidh cúnamh ar fáil chun iad a chomhlánú, más gá.
- Maidir le hiarratasóir a fhaigheann deontais, fóirdheontais nó íocaíochtaí den chineál céanna ó Roinn Rialtais nó Údarás Poiblí de níos mó ná €10,000 acu i rith na bliana, beidh Deimhniú Imréitigh Cánach ríomhchánach ag teastáil uait.
- Forchoimeádann an t-údarás áitiúil an ceart aon fhiosruithe is gá a dhéanamh chun faisnéis a fhíorú nó chun doiciméid tacaíochta a chuirtear ar fáil le hiarratas ar dheontas a shoiléiriú. Ní dhéanfar iarratas ina bhfuil faisnéis bhréagach nó mhíthreorach nó doiciméid bhréagacha nó mhíthreoracha a cheadú le haghaidh deontais.

1. Sonrai an larratasóra

Ainm an iarratasóra (i mBLOCLITREACHA):	
Seoladh (suíomh na DWPTS):	
ÉIRCHÓD (riachtanach):	
Uimhir theileafóin:	

Seoladh ríomhphoist:			
Asphrionta imréiteach ríomhchánach	Tá <input type="checkbox"/>	Níl <input type="checkbox"/>	
2. Cur síos ginearálta agus costas na n-oibreacha a dhéanann duine inniúil, mar atá sonraithe ag duine inniúil (ní mór admhálacha ítimithe a chur ar fáil nuair a bheidh na hoibreacha curtha i gcrích)			
3. <u>Ní mór</u> sonrai an Chonraitheora/na gConraitheoirí (asphrionta de Dheimhniú Ríomh-Imréitigh Cánach le haghaidh gach conraitheora a sholáthar murab ionann é agus an conraitheoir atá liostaithe ar an bhfoirm iarratais)			
Conraitheoir 1	Conraitheoir 2 (más infheidhme)		
Ainm an chonraitheora:	Ainm an chonraitheora:		
Seoladh an chonraitheora:	Seoladh an chonraitheora:		
ÉIRCHÓD:	ÉIRCHÓD:		
4. Dearbhú			
Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a chuir mé ar fáil ar an bhfoirm éilimh ar íocaíocht deontais ceart agus tuigim go bhféadfaí an t-éileamh seo a chealú mar thoradh ar aon fhaisnéis bhréagach nó mhíthreorach a sholáthar nó doiciméid tacaíochta neamhbhailí.			
Síniú an éilitheora:	_____		
Dáta:	_____		

10.3 Deontas na gCóras Cóireála Fuíolluisce Tí Limistéir Ghníomhaíochta Tosaíochta Cait Sreabhadh Próiseas iarratais



gov.ie/tithiocht

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta



An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage